Scéalta Nuachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí scéal ghearra nuachta. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus féachaigí ar na focail seo thíos.

An dtuigeann sibh iad?

Scéal 1	Scéal 2	Scéal 3
Cúirt Chuarda iar-Chomhairleoir Comhairle Cathrach ciontach bleachtaire Coimisinéirí Ioncaim	gafa maraíodh theith drumadóir long chúrsála	cosc mairteoil na hÉireann sna Stáit Aontaithe galar na bó mire Aire Talmhaíochta Coimisinéir Talmhaíochta

Tugaigí buille faoi thuairim faoi ábhar na scéalta sula bhféachann sibh ar an tuairisc.

Féachaigí ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agaibh.

Ceist 2 Féach ar an tuairisc arís agus breac síos an oiread eolais agus is féidir leat faoi gach scéal:

Scéal 1	Scéal 2	Scéal 3

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus breac síos gach sampla den bhriathar saor a chloiseann tú.

Anois, cuir na samplaí seo thíos den bhriathar saor, sna boscaí cearta.

d'ití, cuirtear, moladh, ceannófar, ceiliúradh, imreofar, déantar, thitfí, ólfar, bhunaítí, foghlaimítear, cuireadh, d'inseofaí, dúnadh, luaitear, bhristí agus *cheannófaí*

Aimsir chaite	**Aimsir ghnáthchaite**	**Aimsir láithreach**	**Aimsir fháistineach**	**Modh coinníollach**

Baintear úsáid as **ní / an / go** sna haimsirí ar fad ach amháin san aimsir chaite, mar shampla:

An *gcuirtear uisce sa bhuidéal gach lá?*
Ní *cheannófar arán amárach.*
Dúradh ***go*** *n-óltaí a lán tae in Éirinn fadó.*

Úsáidtear na réimíreanna seo thíos leis an mbriathar saor san aimsir chaite (ach amháin i gcás na mbriathra neamhrialta, *téigh, déan, abair, faigh, bí,* agus *feic*). Cuir in abairtí anois iad:

níor / **ar** / **gur**

Ceist 4 '…i láthair *na huaire*…' agus '…i mí *an Aibreáin*…'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail a bhfuil líne fúthu thuas?

Cuir an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní sna bearnaí:

1. dath (an bord): _____
2. Oifigeach (an Ghaeilge): _____
3. i rith (an oíche): _____
4. ag glanadh (an gluaisteán): _____
5. ainm (an duine): _____
6. uafás (an dúnmharú): _____
7. mí (an mhil): _____
8. tús (an rang): _____
9. méid (an seomra): _____
10. ábhar (an bhileog): _____

Ceist 5 *Cúirt Chuarda Chorcaí*

Cén Ghaeilge atá ar na cúirteanna seo anois?

The District Court
The Supreme Court
High Court of Justice (Breithiúnas)
The Four Courts

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. An gceapann tú go dtéann cumhacht i bhfeidhm ar ionracas an duine?
2. Cén fáth a dteithfeadh duine tar éis dó duine a leagan le gluaisteán, dar leat?
3. Cad atá ar eolas agat faoi ghalar na bó mire?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Plé atá i gceist leis an gceist seo.

Scéal 1:
Cúirt Chuarda – *Circuit Court*
iar-Chomhairleoir – *Former-Councillor*
Comhairle Cathrach – *City Council*
ciontach – *guilty*
bleachtaire – *detective*
Coimisinéirí Ioncaim – *Revenue Commissioners*

Scéal 2:
gafa – *captured*
maraíodh – *was killed*
theith – *ran away, fled*
drumadóir – *drummer*
long chúrsála – *cruise ship*

Scéal 3:
cosc – *prohibition*
mairteoil na hÉireann – *Irish beef*
sna Stáit Aontaithe – *in the USA*
galar na bó mire – *mad cow disease*
Aire Talmhaíochta – *Minister for Agriculture*
Coimisinéir Talmhaíochta – *Agriculture Commissioner*

Ceist 2
Féach an script.

Ceist 3
Gearrfar, maraíodh agus tuigtear.

Aimsir chaite	**Aimsir ghnáthchaite**	**Aimsir láithreach**	**Aimsir fháistineach**	**Modh coinníollach**
dúnadh ceiliúradh cuireadh moladh	bhristí d'ití bhunaítí	foghlaimítear cuirtear luaitear déantar	imreofar ceannófar ólfar	cheannófaí d'inseofaí thitfí

Níor / ar / gur:
Níor briseadh an fhuinneog.
Ar ceiliúradh an breithlá ar an Luan?
Dúirt sí **gur** sábháladh gach duine.

Ceist 4
i láthair *na huaire* – an tuiseal ginideach uatha, ainmfhocal baininscneach.
i mí *an Aibreáin* – an tuiseal ginideach uatha, ainmfhocal firinscneach.

1. dath **an bhoird**
2. Oifigeach **na Gaeilge**
3. i rith **na hoíche**
4. ag glanadh **an ghluaisteáin**
5. ainm **an duine**
6. uafás **an dúnmharaithe**
7. mí **na meala**
8. tús **an ranga**
9. méid **an tseomra**
10. ábhar **na bileoige**

Ceist 5
The District Court – An Chúirt Dúiche
The Supreme Court – An Chúirt Uachtarach
High Court of Justice (Breithiúnas) – Ard-Chúirt Bhreithiúnais
The Four Courts – Na Ceithre Chúirt

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Scéal 1

I gCúirt Choiriúil Chuarda Chorcaí inniu phléadáil iar-Chomhairleoir de chuid Fhianna Fáil agus iarbhall de Chomhairle Cathrach Chorcaí ciontach i dtrí chúis. Phléadáil Gary O'Flynn atá naoi mbliana déag is fiche, a bhfuil seoladh aige in *Hayfield Drive*, *Castle Court*, An Teampall Geal, Corcaigh, ciontach gur iarr sé ar fhear triúr a dhúnmharú. Ina measc, bleachtaire Garda agus oifigeach ó na Coimisinéirí Ioncaim. Tá Gary O'Flynn ag cur isteach téarma príosúin i láthair na huaire maidir le cúiseanna eile. Gearrfar pionós air i mí an Aibreáin.

Scéal 2

Tá fear gafa i *Florida* Mheiriceá, maidir le bás an cheoltóra, Martin James O'Connor, as Dún Gar, Contae Ros Comáin. Maraíodh Martin James O'Connor luath maidin Dé Sathairn in *North Lauderdale*, Florida nuair a bhuail carr é agus theith. Ba dhrumadóir é le banna ceoil an amhránaí ceol tíre, Declan Nerney, agus bhí sé le bheith ag ceol in éindí leis an mbanna ar long chúrsála an tseachtain seo. Tuigtear go raibh Martin James O'Connor ag dul trasna an bhóthair nuair a bhuail carr é.

Scéal 3

Tá deireadh inniu leis an gcosc a bhí ar mhairteoil na hÉireann a dhíol sna Stáit Aontaithe. Tá an cosc i bhfeidhm le sé bliana déag ó tharla galar na bó mire sna nóchaidí. Tá an tAire Talmhaíochta, Simon Coveney, sna Stáit Aontaithe ar thuras trí lá le cúrsaí trádála a chur chun cinn. Dúirt an Coimisinéir Talmhaíochta, Phil Hogan, go mba lá maith a bhí ann d'fheirmeoirí na tíre seo.